Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Márta 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0043(NLE)**

7254/23
ADD 1

COASI 57
ASIE 25
POLMAR 15

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE AE-NA nOILEÁN FILIPÍNEACH lena mbunaítear Fochoiste um Chomhar Muirí agus lena nglactar a théarmaí tagartha ábhartha |

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. …/2023**
**Ó CHOMHCHOISTE AE-NA nOILEÁN FILIPÍNEACH**

**an ...**

**lena mbunaítear Fochoiste um Chomhar Muirí**
**agus lena nglactar a théarmaí tagartha ábhartha**

TÁ COMHCHOISTE AE-OILEÁIN FHILIPÍNEACHA,

Ag féachaint don Chreat-Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na nOileán Filipíneach, den pháirt eile, (dá ngairtear ‘an Comhaontú’ anseo feasta) agus go háirithe Airteagal 48(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 48(3) den Chomhaontú go bhfuil an Comhchoiste le fochoistí speisialaithe a chur ar bun ar féidir leo cuidiú leis a chuid cúraimí a dhéanamh. Is féidir leis an gComhchoiste comhdhéanamh agus dualgais na gcoistí nó na gcomhlachtaí sin agus an chaoi a bhfeidhmíonn siad a chinneadh.

(2) Bhunaigh an Comhchoiste liosta fochoistí agus ghlac sé a dtéarmaí tagartha trí bhíthin Chinneadh Uimh. 2/2020/02 an 28 Eanáir 2020.

(3) Le comhaontú breise ó na Páirtithe, is féidir liosta na bhfochoistí agus raon feidhme gach bhfochoiste a leasú.

(4) Trí fhochoiste speisialaithe nua um chomhar muirí a bhunú, d'éascófaí idirphlé tiomnaithe maidir le gach gné den chomhar muirí idir an tAontas agus na hOileáin Fhilipíneacha agus dhéanfaí cur chun feidhme éifeachtach na gclár um chomhar muirí idir na hOileáin Fhilipíneacha agus an tAontas a chur chun cinn.

(5) Na téarmaí tagartha a leagtar amach in Iarscríbhinn B a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2/2020 ón gComhchoiste an 28 Eanáir 2020, ba cheart feidhm a bheith acu freisin maidir leis an bhFochoiste um Chomhar Muirí nuair a bhunófar é.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, féadfaidh an Comhchoiste cinntí a dhéanamh trí nós imeachta i scríbhinn má chomhaontaíonn an dá Pháirtí amhlaidh.

(7) Chun go mbeidh an fochoiste um Chomhar Muirí oibríochtúil go tráthúil, is gá an Cinneadh seo a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*An Fochoiste um Chomhar Muirí a bhunú agus a théarmaí tagartha a ghlacadh*

1. Leis seo, bunaítear an Fochoiste um Chomhar Muirí mar fhochoiste speisialaithe den Chomhchoiste.

2 Na téarmaí tagartha a leagtar amach in Iarscríbhinn B a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2/2020 an 28 Eanáir 2020 ón gComhchoiste, beidh feidhm acu freisin maidir leis an bhFochoiste um Chomhar Muirí.

*Airteagal 2*

*Leasú ar liosta na bhfochoistí*

Cuirtear an liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad liosta na bhfochoistí a leagtar amach in Iarscríbhinn A a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2/2020 ón gComhchoiste an 28 Eanáir 2020

Arna dhéanamh i/in/sa/san …,

*Thar ceann Fhochoiste AE-na nOileán Filipíneach*
*An Cathaoirleach*

# IARSCRÍBHINN

Comhchoiste AE-na nOileán Filipíneach

Fochoistí Speisialaithe

An Fochoiste um Chomhar um Fhorbairt

An Fochoiste um Thrádáil, Infheistíocht agus Comhar Eacnamaíoch

An Fochoiste um Dhea-Rialachas, um an Smacht Reachta agus um Chearta an Duine

An Fochoiste um Chomhar Muirí